# Mionlach

€3/£2
Uimhir 12

IRIS DE CHUID **MISNEACH** 2020








# Réabhlóid Rojava

Tuairisc iarshaighdiúra ar thionscadal fhrithchaipitleach
▸ 6–7

**MISNEACH**
ár dteanga, ár dtodhchaí


›› Tuairisc faoin Réabhlóid in Rojava
›› Gnáth-ghnéasachas ar an eite chlé
›› An fás atá tagtha ar cheol Gaelach
›› Réabhlóid Veilbhite 1989


*Agus go leor eile …*

# MISNEACH

Grúpa radacach na nGael

eolas@misneachabu.ie

## Seacht Mór-Sprioc

1. Lánfhostaíocht, a thugann aitheantas do chearta teanga,sa Ghaeltacht agus sa tír i gcoitinne.
2. Oideachas trí Ghaeilge d'ardchaighdeán ar fáil ag gach leibhéal dóibh siúd atá á iarraidh.
3. Cearta iomlán teanga ar fáil do na Gaeil in Éirinn.
4. Gach seirbhís ar fáil trí Ghaeilge sa Ghaeltacht.
5. Féinchumhachtú na nGael.
6. Saol sóisialta bríomhar ar fáil trí Ghaeilge.
7. Díchoilíniú iomlán!

GLAC BALLRAÍOCHT LINN INNIU!



I measc ábhar an eagráin seo:


4 **An Ghéarchéim Tithíochta agus Cás na Gaeltachta**
*P. S. Mac Oscair*

5 **Grá neamhghnáth**
*Siobhán Ní Shúilleabháin*



6 **Rojava: Tionscadal frithchaipitlíoch**
*Morgan De Moinbhíol*

8 **Dán: Òran an Neach-ionnsachaidh**
*Marcas Mac an Tuairneir*

9 **Gnáth-ghnéasachas ar an eite clé**
*Katie Roskams*

10 **Réabhlóid Veilbhite 1989: Stair agus Seanchas**
*Hynek Janoušek*

12 **Splancscéal: Na Soilse**
*Lisa Nic an Bhreithimh*



13 **Rithim, Rannaireacht agus Ré an Cheoil Ghaelaigh**
*Oisín Mac Giolla Bhríde*

14 **Seas ina choinne!**
*Bee Ní Choitir*

15 ***An Modh Conghaileach* — Cuid Sóisialachais Shéamais Uí Chonghaile**
*Kerron Ó Luain*



*Meitheal eagarthóireachta;*
Katie, Ben, Emmet, Kerron, Sam, Patrick, Marion, Seanán
*Teagmháil:* mionlach.iris@gmail.com
*Suíomh idirlín:* mionlach.wordpress.com
*Dearadh:* buíochas le Caomhán Ó Scolaí


# Eagarfhocal




Arís ar ais, a chomrádaithe, tá misneach ag teastáil uainn uilig agus muid ag iarraidh dul i ngleic leis na drochscéalta atá ag teacht chugainn i rith an ama. Le tacú lenár n-iarracht leanúnach leis an misneach sin a thógáil, tá iris lán smaointe, tuairimí, scéalta agus stair againn daoibh, agus réimse leathan ábhair clúdaithe againn sa darna eagrán déag de Mhionlach!

Ar ndóigh, tá baill Mhisneach go mór ar son réabhlóide in aghaidh an chórias uafásaigh atá againn faoi láthair. Agus tá sár-eimsemláir de réabhlóid fhrith-chaipitleach, fheimineach agus eiceolaíoch ag tarlú in Rojava i dtuaisceart na Siria ó bhí 2012 ann. Toisc go bhfuil an oiread sin measa againn ar ár gcomrádaithe thall ansin tá ríméad orainn tuairisc le hiar-shaighdiúir de chuid airm an phobail ansin, an YPG, a fhoilsiú san eagrán seo. Labhraíonn **Morgan de Moinbhíol** faoi stair na háite agus faoin gcaoi a n-oibríonn cúrsaí ansin, rud a bheas ina ábhar inspioráide d'éinne nach bhfuil ar an eolas faoin scéal seo cheana.

Ar ais sa bhaile, chonaic muid le cúpla bliain anuas go bhfuil an eite dheis ag fás anseo in Éirinn — mar atá ar fud na cruinne. Bhí sé le braith go soiléir sa chiníochas a tháinig chun tosaigh in Uachtar Ard agus in Acla le linn na bliana seo caite. Creideann muid go láidir go gcaithfimid troid i gcoinne an eite dheis agus an mheoin lofa seo a scriosadh. Pléann **Bee Ní Choitir** seo ina halt 'Seas ina Choinne' agus tá bród orainn tacú le hAntifa na Gaeltachta freisin. Tá alt breá againn faoin ngéarchéim tithíochta agus labhraíonn an ceoltóir clúiteach **Oisín Mac Giolla Bhríde** faoi mhéid an cheoil nua atá le cloisteáil as Gaeilge ar na saolta seo.

Tá píosa staire againn as Poblacht na Seice agus **Hynek Janoušek** ag caint ar an réabhlóid a tharla ansin 30 bliain ó shin. Tá alt tábhachtach le **Katie Roskams** faoin "ngnéasachas laethúil" a tharlaíonn go minic fiú ar an eite chlé.

Mar aon leis sin uilig tá léirmheas le **Kerron Ó Luain** ar leabhar tábhachtach a scríobh Aindrias Ó Cathasaigh atá ina chúis spreagtha do go leor againn i Misneach, tá dán i nGaeilge na hAlban leis an bhfile **Marcas Mac an Tuairneir** atá páirteach i Misneachd ar an taobh eile de Shruth na Maoile, agus tá píosa splancfhicsean againn le **Lisa Nic an Bhreithimh** chomh maith. Tá súil againn go mbainfidh sibh sult agus misneach as an eagrán seo de Mionlach.

*Beirimis bua,*
*An mheitheal eagarthóireachta*

# An Ghéarchéim Tithíochta agus Cás na Gaeltachta

***P. S. MAC OSCAIR***

Tá a lán béime curtha faoi láthair ar an ngéarchéim tithíochta atá i gcathracha na tíre, go háirithe i mBaile Átha Cliath agus is cinnte gur uafásach an rud é an cás ina bhfuil rudaí. Tá sé go hiomlán náireach an méadú atá tagtha ar an líon daoine gan dídean sa leathscór bliain atá thart.

Ach tá an scéal naisiúnta i bhfad níos casta, agus tá géarchéim tithíochta eile ar siúl ar fud na tíre nach bhfaigheann an aird céanna sna meáin chumarsáide nó ó na polaiteoirí. Tá dhá pháirt mhór leis an ngéarchéim seo, ach tá na cúiseanna nasctha le chéile.

> 'Ní raibh ach trí theach ar fáil ar cíos i nGaeltacht Chiarraí ar daft.ie i mí na Samhna anuraidh, ach bhí fógra ann i gcomhair 219 teach saoire ar fáil fá choinne turasóirí sa cheantar ceánna!'

An chéad fhadhb mhór náisiúnta atá ann ná an méadú atá tagtha ar an líon daoine atá i gcóiríocht éigeandála. Ní raibh contae amháin in Éirinn nár chaith éinne Lá Nollag 2018 i gcóiríocht éigeandála ann, agus is léir ó na figiúirí is déanaí ó Focus Ireland go bhfuil an fhadhb ag éirí níos measa.

Na fadhbanna is mó atá sna cathracha ná turasóireacht, easpa tithíochta poiblí agus an t-ardú mór cíosa. Bhí ardú cíosa in gach contae in Éirinn idir Meán Fómhair 2018 agus Meán Fómhair 2019 — fiú amháin i dTír Chonaill bhí ardú 6.9%, i gcontae Longfoirt bhí ardú 6.2% agus i gcontae Ciarraí bhí ardú 10.5% i rátaí cíosa.

Dúirt an Peter McVerry Trust, carthanas do dhaoine gan dídean, go raibh méadú 12% i líon na ndaoine gan dídean i gceantracha tuaithe i mí Bealtaine 2019. Ciallaíonn sin go raibh 1,400 duine gan dídean i gceantracha faoin tuatha i mí Bealtaine anuraidh, agus bhí 30% acu sin ina bpáiste.

Fadhb mhór eile atá lasmuigh de na cathracha ná an ganntanas tithe atá ar fáil ar chíos, go háirithe mar gheall ar thurasóireacht. Is é cás Chiarraí an cás is suimiúla ó thaobh an tionchair atá ag an fhadhb seo ar thodhchaí na Gaeltachta de. Ní raibh ach trí theach ar fáil ar cíos i nGaeltacht Chiarraí ar daft.ie i mí na Samhna anuraidh, ach bhí fógra ann i gcomhair 219 teach saoire ar fáil fá choinne turasóirí sa cheantar ceánna!

Tá an scéal mar an gceánna i nGaeltacht Thír Chonaill — bhí ocht teach ar cíos agus 92 teach saoire ar fáil. I gConamara bhí 26 teach ar chíos agus 340 teach saoire. Éiríonn an easpa tithíochta do dhaoine áitiúla níos measa má thógtar AirBnB san áireamh freisin. Mar shampla, bhí 44 arasán nó tithe iomlána ar fáil sa Daingean fá choinne an chéad seachtain de mhí na Nollag in 2019.



Mórphictiúr ar thaobh foirgnimh; Errakaleor, Gasteiz, Tír na mBascach.

[Ar lean ó lch 4]

Ar ndóigh, cuireann seo brú mór ar aos óg na Gaeltachta ó taobh a bheith ábalta fanacht ina gcuid pobal féin agus iad fásta. Bíonn orthu bogadh go dtí an Ghalltacht chun obair agus tithíocht a fháil, agus laghdaítear líon na nGael sa Ghaeltacht dá bharr. Tá sé chomh deacair céanna teach a cheannach ar an ioncam atá ar fáil sna contaetha seo is atá sé sna cathracha mar gheall ar an mbearna mhór idir an meán-ioncaim atá ar fáil agus praghsanna tithe. Is é €141,285 an meán-phraghas atá ar theach i dTír Chonaill, agus is é €32,259 an meán-ioncaim fá choinne teaghlaigh. Bíonn na deacrachtaí céanna ag daoine óga atá ag lorg tithíochta sa Ghaeltacht is atá sa tír ar fad ó taobh airgid a bhailiú le teach a cheannach de, ach ar ndóigh tá casadh sa bhreis leis an scéal sa Ghaeltacht agus is sé sin an tionchar atá aige seo ar fad ar an teanga, ar an chultúr agus ar an oidhreacht atá ar fáil inti, rudaí nach bhfuil ar fáil in áiteanna taobh amuigh den Ghaeltacht.

Tá sé rí-tábhachtach cuimhniú áfach nár tharla an ghéarchéim tithíochta seo trí thimpiste. Tá polasaí tithíochta an rialtais ag

**'Tá polasaí tithíochta an rialtais ag cur tionscail na turasóireachta, leas na dtiarnaí talún agus brabús na mbancanna roimh riachtanais na cosmhuintire.'**

cur tionscail na turasóireachta, leas na dtiarnaí talún agus brabús na mbancanna roimh riachtanais na cosmhuintire. Feicfimid seo ón mhéid tithe folamha atá ar fud na tíre — mar shampla, bhí 11,704 teach folamh i dTír Chonaill in 2016 agus níos mó ná 9,000 i gCiarraí. Tá 1,864 teach folamh i gCeatharlach — níos mó ná líon iomlán na ndaoine gan dídean faoin tuath! Ach seo an toradh nuair a fhágtar dán an phobail faoi fhórsaí craosacha an mhargaidh.

Le polasaithe níos láidre ó taobh folúntais de, d'fhéadfaí gach duine gan dídean a chur isteach i dteach ar phraghas réasúnta agus an líon tithe atá ar cíos a fheabhsú. Ach tá an ghéarchéim seo beartaithe ag polasaithe an rialtais agus beidh gá le feachtas mór ón mbun aníos le rudaí a athrú. Caithfidh muid brú a chur ar an stát chun i bhfad níos mó a dhéanamh chun riachtanais tithíochta an phobail a shásamh. Muna déantar sin go luath, ní bheimíd in ann labhairt ar pholasaithe forbartha inbhuanaithe, agus leanfar le bánú na tuaithe. Tá droch-thionchar an mhargaidh chaipitligh ar an Ghaeltacht le feiceáil arís as chás seo, mar atá an nasc idir bánú na tuaithe agus saint lucht an rachmais. Ní athrófar seo gan troid, ach le chéile is féidir linn an bua a bhaint amach agus tithíocht ar ard-chaighdeán a chinntiú do chách.

*Is sóisialach as Baile Átha Cliath é an scríbhneoir seo atá ag tabhairt faoi chéim sa Ghaeilge*

# Grá Neamhghnách

*SIOBHÁN NÍ SHÚILLEABHÁIN*

Cloistear go leor cainte ar na saolta seo ar an "neamh-mhonagamas", ach ní thuigtear i gcónaí céard atá i gceist leis. San alt seo déanfaidh mé iarracht é a mhíniú, ach le bheith fírinneach tá an t-ábhar chomh leathan sin nach féidir ach an t-uachtar a scríobadh i bpíosa gearr mar seo. Tá gach duine agus gach caidreamh difriúil, mar sin is ar mo thaithí féin ar an neamh-mhonagamas eiticiúil a bheas an t-alt seo bunaithe go príomha.

Go bunúsach, ciallaíonn neamh-monagamas eiticiúil na bealaí éagsúla gur féidir leat iniúchadh a dhéanamh ar an ngrá agus ar an ngnéas le iliomad daoine, le haontú agus comhthoil ó chuile dhuine atá i gceist.

Ba chóir go mbeadh cúrsaí eitice agus moráltachta ina dtosaíochtaí ag chuile dhuine i gcaidreamh ar bith, ach, faraor, ní mar sin a bhíonn sé i gcónaí. Níor chóir go mbeadh bréaga ann, nó go ndéanfá rudaí a chuireann isteach ar do leannán — agus sin an fáth go mbíonn cumarsáid oscailte ag teastáil. Má tá seo fíor le caidreamh monagamach, tá sé níos fíre arís leis an neamh-mhonogamas. Le go n-oibreoidh an neamh-mhonagamas caithfidh tú a bheith cróga agus ionraic agus is féidir leis sin a bheith an-deacair ar fad. Caithfidh tú a bheith ábalta duine a chur ar a suaimhneas, a bheith oscailte do cheisteanna agus a bheith foighneach. Is duine tuisceanach mé, creidim, ach fós is streachailt é seo uilig gan amhras. Is féidir liom a bheith ró-bhródúil agus ceanndána. Ní bhím compordach i rith argóinítí agus bíonn fearg, díomá agus frustrachas orm go héasca agus go minic. Ach de réir a chéile tá mé ag obair leis na tréithe seo a athrú, agus ag feabhsú mo chaidrimh dá bharr.

Ar ndóigh, níl duine ar bith go hiomlán foirfe — tá lochtanna ormsa agus tá lochtanna ar chuile dhuine eile. Agus mar gheall air seo ní féidir le duine amháin gach rud a bhfuil uaim a thabhairt dom i gcaidreamh. Féach ar gach cara atá agat: tá cairdeas difriúil agat le gach duine acu. Cuir ceist ar mháthair ar bith — ní hea go gciallaíonn an grá atá aici dá páiste nach féidir grá a bheith aici d'éinne eile. Tuigimid mar sin go bhfuil an cumas ag daoine grá a léiriú do léir mór daoine agus tugann an neamh-mhonagamas bealach dúinn leis seo a léiriú go heiticiúil.

An rud is tábhachtaí i gcaidreamh neamh-mhonagamach, b'fhéidir, ná go mbreathnaíonn tú ar do leannáin mar dhaoine fásta ar féidir leo cinntí a dhéanamh dóibh féin. Caithfidh tú glacadh leis freisin nach féidir leat (nó nár chóir duit) smacht a choinneáil ar dhuine. Caithfear breathnú ar d'fhéinmhuinín chomh maith agus tú i gcaidreamh den sórt seo, mar is minic a dtagann éad ar dhuine de bharr easpa muiníne. Déanaim iarracht cuimhne a choinneáil nuair atá mo mhuirnín ag caitheamh ama le duine eile go gcaithfidh siad am liomsa go luath agus nach gciallaíonn sé nach bhfuil grá acu domsa – ach ní thagann an tuiscint sin gan féinmhuinín. Má tá rath le bheith ar chaidreamh neamh-mhonagamach, caithfear cuimhniú go bhfuil dualgas orainn aire a thabhairt dá chéile agus meas a léiriú i gcónaí. Sin an fáth go mbíonn scrúdaithe ionfhabhtú gnéas-tarchurtha an-tábhachtach le cinnte a dhéanamh nach mbeidh aon ghalrú agat go d'fhéadfaidh tú a thabhairt de do phairtnéir, chomh maith leis sin tá sé ríthábhachtach go labhraíonn sibh faoi chúrsaí cosanta agus na bealaí éagasúla atá á úsáid idir coiscíní agus rudaí eile.

"Ach a scríbhneoir! Céard faoi ghnéas? Athraíonn sé rudaí!"

Murab ionann agus "gnáth-chaidreamh" ina mbeadh fearg ar dhuine dá luífeadh a c(h)éile le duine eile, déantar iarracht i gcaidrimh neamh-mhonagamacha a bheith sásta dár leannáin má deir siad linn go ndeachaigh siad abhaile le duine ag deireadh na hoíche. Tugtar *compersion* air seo: an sonas a mhothaíonn tú nuair a bhaineann do leannán sult as am a chaitheamh go gnéasach le duine eile. Seo rud an-tábhachtach do dhaoine neamh-monagamacha. Tá féinmhuinín ag teastáil anseo freisin le go dtuigfidh tú go dtiocfaidh do ghrá geal ar ais chugat fiú má bhíonn siad i gcuideachta duine eile uaireanta.

"Ach a scríbhneoir! Céard faoi na páistí?"

Nuair a d'fhás mé aníos thuig mé go raibh páirt ag gach duine in oiliúint páiste; an teaghlach sínte, múinteoirí, comharsana, cairde na dtuistí, srl. Ach is cosúil go minic go ndéantar dearmad air sin. De réir an chláir *Netflix Explained: Monogamy* tá treibheanna i Meiriceá Theas ina mbíodh gach fear atá ag luigh le bean thart ag an am go bhfaigheann sí amach go bhfuil sí ag siúl le páiste ina athar don pháiste sin. Ciallaíonn sin gur féidir le beart mór a bheith ag faire amach don pháiste, rud atá níos fearr ná díreach beirt thuismitheoir a bheith ag aon duine amháin. Bhreathnaíonn siad ar an bpáiste mar chuid den treabh, ní rud ar leis na tuistí amháin é.

Ní bhíonn gach rud éasca i saol an neamh-mhonagamais eiticiúil. Faigheann tú amach rudaí fút féin agus faoi dhaoine eile nach maith leat agus leanann tú ort ag foghlaim i gcónaí. Bíonn gach réiteach difriúil mar tá gach duine difriúil. Sin an rud iontach faoin stíl seo caidrimh, tá neart roghanna ar fáil. Mothaím go bhfuil neart foghlamtha agam fúm féin ó chaidrimh mar seo, agus go bhfuil an neamh-mhonogamas tar éis an-leas a dhéanamh do mo mheabhairshláinte agus féinmhuinín. Tá daoine dochreidte i mo shaol nach mbeadh ann murach an neamh-mhonagamas. Mholfainn go láidir é a thriail — fiú má bhíonn sé deacair amantaí is fiú go mór an tairbhe an trioblóid.

*Is as Ciarraí de Shiobhán ach tá sí ag obair le hirisí i mBaile Átha Cliath le blianta anois.*

# Rojava:

## Tionscadal frith-chaipitlíoch



*MORGAN DE MOINBHÍOL*

Ó 2014 ar aghaidh, thug cuid mhaith den domhain faoi ndeara an tionscadal mór réabhlóideach a bhí á chur i bhfeidhm i dtuaisceart Siria, tionscnamh bunaithe ar Dhaonlathas Áitiúil, Saoirse na mBan agus an Éiceolaíocht. Cuireadh gluaiseacht réabhlóideach na gCoirdíneach ar súile chuid mhaith den eite clé timpeall na cruinne, mé féin ina measc, don chéad uair. Cheap mé féin gur caite idir an Iaráic agus an Tuirc amháin a bhí muintir na Cordastáine, gur droim faoi chos a bhí iontu le polaitíocht choimeádach don chuid is mó. Bhí mo chuid tuairimí gan bhunús amach is amach. Is grúpa Moslamach gan stát don chuid is mó iad na Coirdínigh, iad scaipthe i measc ceithre thír — an tSiria, an Tuirc, an Iaráic agus an Iaráin — agus tá drochíde eitneach fulaingthe acu leis na blianta fada.

San uair sin, 2014, ní raibh mórán nuachta i mBéarla ag teacht go díreach ón ngluaiseacht. Bhí sé deacair fáilt amach cén sórt idéeolaíocht agus córas a bhí ar bun i Rojava, agus cad iad na haidhmeanna a bhí acu. Tá sé seo athraithe ó bhonn anois toisc fás suntasach Rojava, a áirítear i measc na gcumhachtaí go polaitiúil agus go háirithe toisc go ndeachaigh na mílte óglaigh idirnáisiúnta amach ann chun cabhair a thabhairt don réabhlóid. Ó shin, tá nuacht, anailís agus tuairisceoireacht á scaipeadh trí go leor teangacha, an Ghaolainn ar ceann acu.

Mar atá coitianta i measc pobal coilínithe, tá dealú le déanamh idir gluaiseachtaí réabhlóideacha agus grúpaí coimeádacha a bhíonn ag iarraidh neamhspleáchas a bhaint amach don tír faoi chois. In Éirinn, is í an difríocht idir Saorstátairí agus Phoblachtánaigh Shóisialacha — sa Chordastáin tá páirtí coimeádach a tógadh thimpeall ar chlainne móra saibhre i gcomparáid le réabhlóidí sóisialacha. Rud a thug spreagadh mór don ghluaiseacht saoirse seo i measc na gCoirdíneach ná nuair a chuaigh óglaigh Coirdíneach go dtí'n Phalaistín sna 70idí chun tacaíocht a thabhairt don ghluaiseacht a bhí acu ansan. Throideadar leis an PFLP agus grúpaí eile in fhaid's a bhíodar ann. Tá gluaiseacht na gCoirdíneach ag fás ó shin.






An tslí is fusa chun achoimre bheag a chur ar ábhair móra ná le cabhair léarscáile agus amlíne: Siar i 2011 nuair a bhí rialtas na Siria faoi bhrú ag tús an chogadh, d'fhág airm na Siria ceantar Rojava, ag tréigint mhuintir na háite, na gCoirdíneach agus na mionlach eitneacha eile ina measc. Ní raibh aon airm nó córas rialtais fágtha ach an rud a bhí ann ná gluaiseacht 40 bliain d'aois a bhí lonnaithe in Siria faoi cheilt. Bunaíodh na cantúin cónaidhmeacha chun rialachas il-leibhéil daonlathas a chur i bhfeidhm sna réigiúin Afrin, Kobane agus Cizire. Bunaíodh an YPG (Fórsaí Cosanta na nDaoine) agus an YPJ (Fórsaí Cosanta na mBan) chun Rojava ar fad a chosaint. Ó 2012 ar aghaidh, tháinig grúpaí Cumannacha ón Tuirc chun cabhrú leis an YPG/YPJ.

Nuair a dhein ISIS ionsaí mór ar chathair Kobane tháinig na céad óglaigh as an Eoraip. Bhí an YPG/YPJ cliste go leor gan troid in aghaidh rialtas na Siria. Toisc go raibh idéeolaíocht na gluaiseachta bunaithe ar feidearálachas, ní raibh siad ag iarraidh poblacht na Siria a leagaint ar fad, cuspóir a bhí ag grúpaí eile i mbun troda an uair sin. I dtéarmaí realpolitik, bhíodar ag fáilt cosaint ón Rúis — sean-namhaid na dTurcach — le heitleáin agus tancanna i gceantar Afrin ar iarthar abhainn an Euphrates. Ó 2015 ar aghaidh bhíodar ag troid ar oirthear an Euphrates i gcoinne ISIS le tacaíocht ón 'Comhghuaillíocht in aghaidh ISIS' (tíortha NATO don chuid is mó).



Ní dhéanfadh sé aon chiall don YPG/YPJ a bheith taobh le fórsaí frith-rialtais nó ag tacú go hiomlán leis an rialtas. I gcomparáid le grúpaí eile in Siria, bhíodar lán ábalta an cluiche fichille geopholaitiúil a imirt agus anois, tar éis ocht mbliana den chogaíocht, níl ach iad féin agus an rialtas fágtha ann ina












ngrúpaí láidre ar léarscáil na Siria.

Le linn an chogaidh chathartha uafásach seo, bhí tearmann taobh thiar dosna na línte thosaigh in Rojava. An rud a chuireann isteach orm go minic ná nuair a deir daoine liom "caithfidh go raibh sé garbh". Seachas na línte tosaigh ní raibh i ndáiríre — is áit torthúil tuaithe í Rojava ina bhfuil cathracha móra in aice na teorann leis an Tuirc. Nuair a bhí an t-am agam, bhí mé ar mo shuaimhneas leis na daoine áitiúla; Coirdínigh, Arabaigh agus Airméanaigh an chuid is mó acu. Is feirmeoirí agus lucht ceirde iad formhór de mhuintir thuaisceart na Siria, agus níl mórán monarchan sa cheantar. Bhí i fhad níos mó daoine ag brath ar an talamh ann ná mar atá in Éirinn. Bhí tithe deasa go leor ann, gutháin chliste ag na déagóirí agus caighdeán maith maireachtála i gcomparáid le han-chuid den Mheán-Oirthear. Bhí uaigneas ginearálta faoin méid daoine óga a cailleadh sa troid ach, thar aon rud, bhí bród ag muintir an réigiúin as an méid a dhein siad chun an tearmann seo a chruthú agus an uaisleacht a bhaineann leis sin. I gceantar Afrin, bhí an tearmann is mó le feiscint. Áit le haimsir mheánmhuiríoch nach bhfaca mórán troda, ina raibh an caighdeán maireachtála ab fhearr sa réigiún, bhí painéil ghréine ar na díonta agus bia álainn acu.

In eacnamaíocht thipiciúil shóisialach bíonn geilleagar pleanáilte ón mbarr ag brath ar fhórsa mór lucht oibre chun tionsclú a dhéanamh ar an réigiún ionas go mbeidh caighdeán maireachtála maith ann. Lena hais sin, tá polasaithe eacnamaíochta Rojava bunaithe ar chumhacht na gcomharchumann a fheabhsú i ngach uile baile beag agus cathair.

Tá aonseilbh glactha ar na monarchana suimint agus stór na mbarra. Bíonn aon talamh atá fágtha nó nach bhfuil in úsáid faoi chomhúinéireacht comharchumann chun earraí táirgeora bia a fhás nó chun an éiceolaíocht a fheabhsú.

Mar sin, i gcás ceantar ar nós Rojava, áit ina bhfuil talmhaíocht an-tábhachtach, is dóigh liom gur polasaí maith é córas eacnamaíochta daonlathach a chruthú, sa chaoi is nach féidir leis an gcaipitil a bheith in uachtar.

Tá béim mór millteach ar saoirse na mban in Rojava. Ar gach uile chéim den chóras airm, údarás cathartha nó údarás eacnamaíochta, tá suíocháin éigeantach dosna mná, agus bíonn múinteoirí Jineology — idé-eolaíocht bunaithe ar saoirse na mban — sna scoileanna chun misneach a thabhairt dosna cailíní óga.

An lúb ar lár i mbunphrionsabal Rojava ná an éiceolaíocht. Táthar tar éis tionscnaimh éiceolaíochta a chur siar ar roinnt chúiseanna; an trádbhac in aghaidh Rojava, an bhéim ar chúrsaí cosanta laistigh den réigiún agus costais na cosanta sin. Tá cúrsaí ag feabhsú go mór, áfach, le muintir an réigiúin ag iarraidh torthúlacht an talamh a fheabhsú agus ganntanas uisce a throid.

Bunóidh Común Idirnáisiúntach Rojava chun saineolaithe agus óglaigh éiceolaíochta a chur ag pleanáil agus ag obair. Táthar tar éis leabhar dar teideal *Make Rojava Green Again* a chur le chéile chun an scéal a scaipeadh. Fear as Oileán Acla is ea duine des na scríbhneoirí.

In Eanáir 2018, thréig an Rúis an YPG/YPJ in Afrin chun margadh a bhain le huirlisí chogadh, gás agus fuinneamh núicléach a dhéanamh leis an Tuirc. Chomh luath is a bhí tacaíocht na Rúise imithe, dhein an Tuirc ionsaí mór ar an áit agus tá smacht acu ar an cantún Afrin ó shin. Le déanaí ar thaobh oirthir an Euphrates, thug Meiriceá an solas glas dosna Turcaigh an rud céanna a dhéanamh. Fós féin, tar éis cúpla mí garbh tá an YPG/YPJ ag seasamh agus níl ach dhá bhaile agus réigiún fásach tógtha ag na Turcaigh. Chun an teorainn leis an Tuirc a chosaint go fadtéarmach, dhein an YPG/YPJ comhaontas míleata le rialtas Siria. Ba dheachair an cinneadh é, ach in aghaidh tír leis an fórsa is mó in NATO ba é an cinneadh stuama.

Tá an feidearálachas laistigh den phoblacht fós mar aidhm ag muintir Rojava, níl cead ag airm rialtais na Siria a bheith lonnaithe ach in áiteanna áirithe agus gan cur isteach ar an ngnáthshaol go dtí go bhfuil socrú polaitiúil fadtéarmach i bhfeidhm. Mar sin, tá dóchas ann do Rojava ach braitheann sé seo go mór ar an méid tacaíochta a faigheann siad ó ghnáthdhaoine timpeall an domhain. Tá fios maith acu in Rojava nach féidir le tionscadal frith-chaipitlíoch brath ar na cumhachtaí móra agus sin an chúis go gcuireann siad béim mhór ar an dlúthpháirtíocht idirnáisiúnta.

*Bhí Morgan ina bhall den airm YPG ar feadh dhá bhliain mar paraimhíochaineoir i dtuaisceart Siria, Rojava.*

# Òran an Neach-ionnsachaidh

le Marcas Mac an Tuairneir

*mar chuimhneachan air Màiri Morley*

Seinneamaid cliù an ionnsachaidh òig,
's e an t-ionnsachadh as brèagha bh' againn riamh
agus sin a sgaoileas sinn romhaibh is a dhùbhlain.

Dà chànan ri chothromachadh sa chridhe.

Seinneamaid òran na beatha,
òran sligh' caraich thug dhomh fùidse,
de làithean rinn sinn seinn ris a' ghèile.
Gabhamaid oran ar saic,
is a thruime ar n-eadar-dhealachas,
ach ar troighean lìonadh làraich ur casan.

Seinneamaid cliù an ionnsachaidh bhòidhich,
's an t-ionnsachadh a leasaich sinn dar n-òigridh,
agus sin a sgaoileas sinn romhaibh is a chothrom.

Dà chànan ri ghràdhachadh air an teanga.

Seinneamaid òran ur n-òige,
òran làn geallaidh is ur dòchais,
cho fiugharach ri èirigh na grèine.
Gabhaibh romhainn òran ur fàis,
is an dreuchd againn fhìn àrachadh,
ge brith ur dualchas 's ann leibhse a-màireach.

Seinneamaid cliù an fhoghlaim fad beatha,
an eilid air a ruaig air bràigh Beinn na Cìche,
ged a chasan tha frionasach caol,
is a dìcheall a bheir dhi an saoghal,
le fileantas ri coisinn, nas prìsle crùn an rìgh.

Seinneamaid cliù èisteachd is tuigse,
dìomhaireachd ann an seanais na gaoith',
bha aig na bàird as cliùitich fiù na beanntan a mhàirneadh,
gus an cruth creagach, an cainnt, chur an cèill.

Cha d' rugadh leanabh labhairteach gu bràth
is gach coimhearsnach a thug dha a dh'uirgheall,
briathran brìoghmhor anns gach ceàrn,
tha a chomas cainnt mar a chàrn,
nì a thogail, fhad 's a nì sinn a thogail.

Seinneamaid cliù ar n-ionnsachadh òir,
's e ionnsachadh baile airgid ar n-àigh,
agus sin a sgaoileas sinn romhaibh is a dhìleab.

Dà chànan co-ionnan is maireann.

Seinneamaid òran saoghail ùir,
ga chur air bhonn am bas sgaoilte fàilte,
le muinntir a dhiùltadh gnùis na gràin,
mùchamaid guth spìd is spreòid,
gus ar faicinn an gathan na gealaich,
uile eadar-dhealaichte ach bòidheach, air leth.

Is scríbhneoir agus file é Marcas Mac an Tuairneir. Tá dhá bhailiúchán filíochta i nGaeilge na hAlban foilsithe aige (*Deò* in 2013 agus *Lus na Tùise* in 2016) agus beidh úrscéal leis darb ainm *Cuairteagan* á fhoilsiú ag Acair i mbliana.

Òran: amhrán
neach-ionnsachaidh: foghlaimeoir
ionnsachadh: foghlaim
cànan: teanga
cridhe: croí
carach: lúbach, casta;
fùidse: cladhaire, meatachán
sac: laincis
eadar-dhealachas: éagsúlacht
làraich ur casan: bhur gcoiscéimeanna
bòidheach: deas, álainn
gràdhachadh: grá a thabhairt
fiugharach: dóchasach
àrachadh: tógáil, cothú
ge brith: cibé
eilid: eilit, cúl
ged a tha: cé go bhfuil
frionasach: cantalach, goilliúnach
prìseil: luachmhar
dìomhaireachd: rúndacht, seanais – cogar
màirneadh: machnamh a dhéanamh
cur an cèill: cur in iúl
uirgheall: glafarnach
Àgh: athas, ádh
Dìleab: oidhreacht
cur air bhonn: bunú
spìd is spreòid: olc is nimh
gathan: ga



# Gnáth-ghnéasachas ar an eite clé

**KATIE ROSKAMS**

De bharr an leithcheala atá déanta orthu, ní rud neamhghnách é go mbíonn mná agus daoine neamh-dhénártha ag glacadh páirte san eite chlé. Breathnaíonn siad an an bpolaitíocht radacach mar uirlis chun a bheith ag troid i gcoinne an leithcheala seo. D'fhéadfadh sé iontas a chur ar bhean nó duine neamh-dhéanártha, mar sin, nuair a bhíonn orthu déileáil le gnéasachas agus iad i measc daoine eile ar an eite chlé — rud a tharlaíonn sách minic, go háirithe le 'jócanna' ar choir dóibh a bheith imithe le sruth le fada an lá.

Más bean nó duine neamh-dhénártha ar an eite chlé thú, tarlaíonn sé go rialta go mbíonn i bhfad níos mó fear cis-inscneacha ann ná de do leithéid. Tá cúiseanna taobh thiar de sin: mar gheall ar dáileadh éagothrom na hoibre tí, mar shampla, go stairiúil bhí (agus tá fós) níos lú ama ag mná agus daoine neamh-dhénártha le páirt a ghlacadh sa pholaitíocht. Os rud é go raibh formhór na bpost proifisiúnta ag na fir, go comhréireach, bhí ní ba mhó fear ina mbaill de cheardchumainn. Go fóill, tá na ceard-chumainn láidir i dtionscadail ina bhfuil an lámh in uachtar ag fir agus ní hea go bhfuil an éagothroime seo ann toisc nach bhfuil mná agus daoine neamh-dhénártha chomh radacach céanna le fir.

B'fhéidir go bhfuil cuma aisteach air a bheith ag gearán mar gheall ar chúpla jóc maidir le bantiománaithe, ach tá contúirt bhreise ann, mar go minic ní chreidtear mná nó daoine neamh-dhénártha, nó déantar neamhaird ar ár gcuid gearán nuair a deir muid go bhfuil fadhb ann le gnéasachas. Ceann de na samplaí is soiléire le blianta beaga anuas ná Páirtí Sóisialach na nOibrithe (an SWP) i Sasana agus an scannal maidir le "Comrade Delta", ball a rinne éigniú ar bhean óg a bhí ina ball den pháirtí. Ach níl an SWP leo féin anseo — tharla a leithéid i measc eagraíochtaí eile ar an eite chlé cheana, faraor. Tá sé furasta go leor neamhaird a dhéanamh ar jócanna biogóideacha ar eagla go bhfeicfear thú mar dhuine feargach, cantalach. Má ghlactar lena leithéid, áfach, tá baol ann go gcruthófar aeráid níos contúirtí de réir a chéile, agus déanfar imeallú ar mhná agus daoine neamh-dhéanartha sa bpolaitíocht radacach, na daoine céanna ar chóir dúinn a bheith ag troid ar a son.

Tá sé tuirsiúil dúinn a bheith ag déileáil leis seo uilig, ar ndóigh. Bíonn sé tuirsiúil nuair a dhéantar talamh slán de go bhfuil tú ag freastal ar chruinnithe mar gheall ar fhear, nó go gur chuir duine iachall ort a bheith páirteach agus go mb'fhearr leat dul ag siopadóireacht i ndáiríre. Bíonn sé tuirsiúil nuair a ghlactar leis nach bhfuil aon tuairim pholaitiúil agat ar fiú a chloisteáil. Arís agus arís eile, mothaíonn tú go bhfuil tú ag tabhairt amach gan plean gnímh a bheith agat

Níl sé furasta d'fhir cis-inscneacha sna heagraíochtaí seo ach an oiread. Go praiticiúil, bíonn sé deacair eolas a bheith ag fir maidir le cén chaoi le tacaíocht a thabhairt do mhná agus do dhaoine neamh-dhénártha ar an eite chlé. Ach mar thús, is féidir deiseanna cainte a thabhairt do mhná agus daoine neamh-dhéanartha ag cruinnithe agus is féidir labhairt amach faoi ghnéasachas nuair a tharlaíonn sé.

Mar a scríobh Margaret Atwood, "men are afraid that women will laugh at them. Women are afraid that men will kill them". Measaim féin go bhfuil easpa tuisceana ar an gceist seo go fóill, fiú i measc na bhfear a aithníonn iad féin mar fheiminigh. Déantar talamh slán de go bhfuil muid uilig ar chomhchéim ar an eite chlé, ach ní annamh sa saol seo a dtógtar mná leis an dearcadh gur ionann fir agus bagairt. Cuireann sé sin ualach ar na mná agus iad ag iarraidh caidreamh de chineál ar bith a chruthú le fear — go polaitiúil nó go pearsanta. Ní mór dúinn a bheith ag cinntiú i gcónaí nach bhfuil muid faoi bhagairt. Má labhraíonn tú amach faoi ghnéasachas, feictear thú mar bhean fheargach is shearbh. Má dhéanann tú rudaí le cinntiú go mbeidh tú sábháilte, breathnaítear ort mar bean leadránach, cheartaiseach nó chúthail.

Níl réiteach furasta agus néata ar an bhfadhb seo, ach is gá dúinn uilig a bheith airdeallach uirthi. Má tá muid ag iarraidh gluaiseacht a thógáil a chuireann fáilte roimh chách agus a throideann ar son cearta chuile dhuine, is mór is fiú an iarracht, fiú má tá baol ann go bhfeictear thú mar dhuine deighilteach uaireanta. Ní bheidh aon aontacht againn ar an eite chlé go dtí go bhfuil gach duine páirteach, is cuma cén fhéiniúlacht inscne atá acu — agus is é an gnéasachas an rud a chruthaíonn an deighlt inár measc, i ndáiríre, ní na daoine a labhraíonn amach ina aghaidh. Agus cuimhnímis i gcónaí nach fiú guth a thabhairt do dhaoine eile mura bhfuil muid ag éisteacht leis an méid atá le rá acu.

*Is aistritheoir agus foghlaimeoir Gaeilge í Katie. Tá cónaí uirthi i Northumberland, Sasana. Nuair a bhíonn am saor aici, is maith léi a bheith ag agóidíocht agus ag obair ina garraí.*






# **Réabhlóid Veilbhite 1989:** Stair agus Seanchas

*HYNEK JANOUŠEK*

**30 bliain ó shin, thit an tóin as an gcóras ollsmachtacha a imríodh cos ar bolg ar phobail Oirthear na hEorpa le dhá scór bliain sa taca sin.**

Is iomaí cor crua a chuir an saol de ó cailleadh daonlathas na Seicslóvaice i nDeireadh Fómhair 1948. Ag an am, ghabh an Páirtí Cumannach, faoi choimirce an Aontais Shóivéadaigh, stiúradh na tíre — chun leas an phobail uileag, mar dhea.

Sna caogaidí, tháinig olltrialacha cúirte, tráth a ghearrtaí pionós báis nó blianta fada i gcampaí oibre ar naimhde inmheánacha an Stáit - idir Chumannaigh agus pholaiteoirí eile, idir an chosmhuintir agus an tseanéilít.

Bhíodh idir imirce na héigne — daoine ag teitheadh nó á ndíbirt as an tír, agus imirce na haigne - daoine ag fanacht ina dtost. Chuir an dara dream glais ar a gcuid smaointe féin, ar fhaitíos go dtarraingeoidís aird na bpóilíos rúnda a mbíodh cúntóir aireach acu in ngach pobal.

Rinneadh lánscrios ar mhuintir agus ar thírdhreach na tuaithe. Tugadh drochíde do phobal na Romach agus do mhionlaigh eile na tíre. Ollsmacht an Stáit ar gach gné de shaol an phobail.

Cuireadh mo Dhaideo féin ag obair i mianach úráiniam, in Jáchymov, mar gheall ar mhionchoir éigin. Míorúilt chríochnaithe é gur tháinig sé beo as, murab ionann is go leor dá chomrádaithe. Mar sin féin, faoin am a cailleadh é in 1996, bhí a cholainn ite ag ailse. Ba láidir téagartha an fear é mo sheanathair, Jaromír Panc.

Tháinig claochlú agus maolú ar an riail sceimhle i ndeireadh na seascaidí. Bhí na Cumannaigh féin bréan den chóras uafásach faoin am sin agus iad ag iarraidh 'aghaidh dhaonna' a chur ar a gcineál sóisialachais bhréige; Socialismus s lidskou tváří. Ba bheag í an tuiscint agus ba lúide an dáimh a bhí ag Moscó le hiarrachtaí daonlathacha Alexander Dubček agus leasaitheoirí Cumannacha eile.

Tar éis Earrach Phrág in 1968, tháinig samhradh na Forghabhála Sóivéadaí agus, leis sin, cuireadh deireadh leis an gcuid shuarach úd den tsaoirse, mar aon leis na hathchóirithe polaitiúla agus eacnamaíocha a baineadh amach go dtí sin. Cuireadh an tír ar lasadh le tóirsí beo — chuir Jan Palach agus Jan Zajíc iad féin trí thine, le spiorad cloíte an phobail a mhúscailt, nó go seasfaidís an fód i gcoinne an fhoréigin.

Cé nárbh in aisce íobairt na beirte misniúil sin, chuaigh an Stát i ngreim scornaí ar phobal na tíre in athuair, le hiliomad méara fada dubha na bpóilíos rúnda agus a gcuid cúntóirí. Tháinig borradh rábach fúthu siúd sa scór bliain a bhí fágtha ag Bloc an Oirthir.

Briseadh mo mhamó, Cumannach cruthanta, as a post tar éis di dul i mbun agóidíochta i gcoinne na Forghabhála. Más

Cumannach cruthanta a bhí inti, bhí sí dílis do phrionsabail na hidé-eolaíochta céanna, go dtí gur cailleadh í in 1981, dhá bhliain sula rugadh mise. 'Ná bíodh aon bhrón ort, a chailín, ná ortsa, a mhac,' a deireadh sí le mo mháthair agus le m'uncail, 'Is iomaí mo leithéid istigh sa bpobal.' Ba lách muinteartha an bhean í, Anna Pancová.

Ba tearc an duine a mbeadh sé de mhisneach aige smid a rá in aghaidh an Stáit. 'Ba uafásach an stát seo agus gan an dara rogha agat ach breathnú orthu ag toirmeasc na scríbhinne agus na n-amhrán,' a chan Karel Kryl ina amhrán Veličenstvo Kat (A Mhórgacht, An Céastúnach (1969)).

Bhí daoine cróga ann nach raibh sásta cur suas leis an ollsmacht. Choinnigh siad orthu ag labhairt amach, ag scaipeadh scríbhinní toirmiscthe trí mheán an samizdat (féin-fhoilsiú), ag scríobh agus ag amhránaíocht, ag foilsiú achainíocha cosúil le Charta 77 (Cairt 77).

Léiríodh sa Charta go raibh cearta daonna á sárú ag ČSSR (Poblacht Sóisialach na Seicslóvaice), d'ainneoin geallúintí an stáit cearta a chinntiú dá shaoránaigh faoin bhForógra Heilsincí, comhaontú Eorpach a foilsíodh in 1975. Ní raibh aon mhoill ar an Stát daoine a shínigh an Charta a chur i dtóin an phríosúin agus díoltas a imirt ar daoine a bhí bainteach leo; a gclann a chosc ar oideachas a fháil, fiú.

Na scríbhneoirí Václav Havel agus Pavel Kohout, i measc eile, a chum téacs an Charta. Chaith Havel na blianta sa bpríosún ina dhiaidh sin agus díbríodh Kohout as an tír. Bhí Jan Patočka, iar-Ollamh leis an bhFealsúnacht in Ollscoil Shéarlais, Prág, ar dhuine de chéad sínitheoirí an Charta. Ghabh na póilíos rúnda é agus fuair sé bás go luath ina dhiaidh sin, tar éis uaireanta fada ceastóireachta faoina lámha.

M'athair agus mo mháthair féin, ní raibh sé de mhisneach acu Charta 77 a shíniú, ná ní raibh siad tábhachtach go leor go gcuirfí brú orthu a n-ainmneacha a chur leis an Anticharta (An Fhrith-Chairt). Forógra ab ea seo, eagraithe ag an Stát, inar dúradh nach raibh ach scéal chailleach an uafáis in Charta 77 agus gur tréatúr dá mháthairthír agus don sóisialachas an té a shínigh an cháipéis chéanna.

Dhírigh an stát aird agus brú ar dhaoine móra le rá — aisteoirí, scríbhneoirí, amhránaithe, srl. — chun an Anticharta a shíniú. Bagraíodh bata agus bóthar ar dhaoine mura dtacófaí le cáipéis seo an stáit agus, má dhiúltaigh cuid acu dó, shínigh go leor an cháipéis dá bhíthin sin.

Ní raibh go maith agus bhí go holc. Ach bhí daoine cróga ann, a bhí sásta a dhul i bpriacal a n-anama. Faoi lár na n-ochtóidí, bhí drochbhail chríochnaithe ar an tír, idir eacnamaíocht agus mheanma an phobail.

Ar an 17ú Samhain 1989, chuaigh mic léinn na Seicslóvaice i mbun mórshiúil shíochánta i bPrág chun Lá Idirnáisiúnta na Mac Léinn a chomóradh, cothrom le leathchéad bliain ó dhíothaigh na Naitsithe agóid eile mac léinn, i gcoinne Fhorghabháil na Seice.



## 'Is iad an fhírinne agus an grá is treise ná an bhréag agus an fuath i gcónaí'

*— manna Réabhlóid na Veilbhite*

Cosúil leis na Naitsithe fadó, thug fórsaí armtha an Stáit fogha faoi na mic léinn go brúidiúil, ag gortú a lán díobh agus ag gabháil cuid mhór acu. Roinnt míonna roimhe sin bhí ruaig curtha ag na fórsaí ar slua a bhailigh chun bás Jan Palach a chomóradh. Ba mhór an dearmad é sin.

Cúpla lá tar éis an mhórshiúil, chuir easaontóirí polaitiúla agus na mic léinn tús le dhá ghluaiseacht pholaitiúla chun deireadh a chur le rialtas aonpháirtí na gCumannach — Občanské fórum (Fóram na Saoránach) sa tSeic agus Verejnosť proti násiliu (An Pobal i gcoinne Foréigin) sa tSlóvaic. Leanadh den agóidíocht ar fud na Seicslóvaice. Reáchtáladh an Ollstailc. Ní raibh de neart ag na húdaráis Chumannacha an rabharta seo a chosc agus iad fágtha ar an trá fholamh ag Moscó a bhí gafa lena cuid trioblóidí féin.

Faoi dheireadh na bliana, tosaíodh ar an Cuirtín Iarainn, an claí deilgneach timpeall thíortha Bhloc an Oirthir, a bhaint anuas. Toghadh an scríbhneoir Václav Havel ina Uachtarán ČSSR, rud nach mbeifeá ag súil leis ar chor ar bith, seachas mar mhír de dhráma na hÉigéille ó pheann an údair chéanna. Bhí cluaisíní croí ar mo mhuintir agus bhí ríméad ar phobal na tíre ar fad.

Gluaiseacht neamh-pháirtíoch a bhí in Občanské forum agus ní raibh sé i gceist ag Václav Havel ná ag easaontóirí eile an Cumannachas a mhalartú do Chaipitleachas an Iarthair. Thuig siad go maith gur soir gach siar faoi dheireadh thiar. Comhréiteach istigh sa bpobal, síocháin sóisialta agus daonlathas na haidhmeanna a bhí acu. Ach ní mar a shíltear a bhítear. Rinneadh bradaíl ar Občanské forum. Chuaigh daoine cosúil le Václav Klaus i mbun na bradaíola céanna.

Caipitleachas, Thatcherism, agus ollghadaíocht ar a dtugadh 'príobháidiú', a bhí i ndán dúinn sna nóchaidí, a bhuíochas sin ar Klaus agus a leithéidí de laonna bó bradaí.

D'fhéadfá a rá gur luach a réabhlóide síochánta a fuair an pobal sa méid sin. B'annamh duine de lucht an ollsmachta a sheas os comhair na cúirte chun cuntas a thabhairt ar na mí-úsáidí cumhachta a tharla faoina stiúir idir 1948 agus 1989.

Mar sin féin, tá mise an-bhródúil as an réabhlóid chéanna. Nach gceapfá go mbeadh na heasaontóirí polaitiúla agus an pobal ag iarraidh díoltas a imirt ar an té a choinnigh faoi chois iad ar feadh na mblianta fada? Níorbh amhlaidh a bhí agus is maith é sin.

Cén ceacht is mó a thug mé liom agus mé ag fás aníos sa tréimhse réabhlóideach sin? 'Is iad an fhírinne agus an grá is treise ná an bhréag agus an fuath i gcónaí' — manna Réabhlóid na Veilbhite agus creidimse ann ó mo chroí. Ina aice sin, ní leis an bhfírinne ná leis an ngrá a bheas an lá mura seastar an fód in aghaidh na héagóra, gan mhoill gan leithscéal.

Ní féidir dubh na hiongan a ghéilleadh don bhulaí ba shuaraí ná don ollsmacht ba mhó. Ná géilltear orlach do bhulaíocht ar bith. Tá a fhios againn céard a tharlós má ghéilltear.

*Is as Prág, Poblacht na Seice, Hynek Janoušek. Tá sé i mbun taighde faoi láthair ar shaothar Mháirtín Uí Chadhain, i Roinn na Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.*

# Na Soilse

**Splancscéal le**
**LISA NIC AN BHREITHIMH**

An rud is cuimhin liom thar aon ní eile ná na soilse ina súile.

Bhí teocht iontu, iad ag lonrú le dánaíocht — mar a bheadh soilse lasta iontu.

Ba iad na rudaí ab áille a bhí feicthe agam riamh — bronntanas maidin Nollag nuair a bhí mé óg, m'óige agus an todhchaí amach romham — fite fuaite lena chéile. B'éinín óg mé agus seanéan críonna.

Ní fhéadfainn gan miongháire a bheith ar m'aghaidh agam agus mé léi. Chuir sí gliondar ar mo chroí.

* * *

Bhí a fhios agam go raibh gá, gur ghá rud eicint a dhéanamh faoi na mothúcháin ionam — go bplúchfaidís mé munar phléigh mé leo. Mhothaigh mé go raibh rud éigin cearr á dhéanamh agam, rud mínádúrtha, ach b'éigean dom plé leo. Ní fhéadfainn gan.

Is cuimhin liom an turas bus ar mo chéad choinne, théis 30 bliain — mo chéad choinne le bean.

Mo ghéaga ar crith a neirbhísí is a bhí mé.

Ní raibh mé cinnte ach bhí a fhios agam.

Ní raibh a fhios agam ach bhí mé cinnte.

Bhrúigh mé doras an bheáir ar oscailt agus chonaic mé í. Mhothaigh mé miongháire ar m'aghaidh láithreach.

Bhí mé cinnte.

Rinne muid gáire beag, neirbhíseach ag casadh ar a chéile dúinn. Mhothaigh mé mar a bheadh tinte ealaíne ag pléascadh istigh ionam. Bhí sé ceart, an rud seo. Ní raibh rud ar bith chomh ceart sin i mo shaol riamh.

Ní dhéanfaidh mé dearmad riamh ar ghile a súl, ná an miongháire ar a beola nuair a bhreathnaigh sí orm. Bhí sé mar a bheadh druga ann, an mothúchán úr, álainn seo.

Chuamar amach san oíche théis cúpla deoch. Thóg sí mo lámha ina cuid lámh féin, mé ar mo chompord i ngreim láimhe léi. Bhí mé san áit cheart agus muid le chéile.

Phóg muid a chéile ansin, faoi na spéartha dorcha is na réaltaí geala.


Póg úr dhifriúil a bhí ann. Blas difriúil as.

Agus muid ag damhsa faoi shoilse an bheáir ar ball, mhothaigh mé níos fearr ná riamh. Bhí aithne agam orm féin ar bhealach úr, ar bhealach níos iomláine.

Ní raibh ceist ar bith i m'intinn. Bhí cion ann, bhí tarraingt ann, bhí caidreamh ann.

Ní raibh mé cinnte nuair a chuaigh mé ar an mbus an oíche sin. Faoi dheireadh na hoíche, bhí a fhios agam.

Is scríbhneoir splancfhicsin í Lisa Nic an Bhreithimh as Baile Átha Cliath. Is eagarthóir Gaeilge í ar an ríomhiris splancfhicsin Splonk.ie. Bhuaigh sí Duais Uí Mháine agus Chéad Duais Chomórtas Imbolc 2018. Oibríonn sí i gcúrsaí cumarsáide agus sna meáin chumarsáide Ghaeilge. D'oibrigh sí leis na feachtais Ghaeilge den dá fheachtas "Tá" i Reifrinn 2015 agus 2018.



## Joe Steve Ó Neachtain
1942-2020

Tá pobal na Gaeilge agus na Gaeltachta faoi scáth an bhróin agus an fear uasal Joe Steve Ó Neachtain imithe ar shlí na fírinne. Fuair Joe Steve bás ag tús na bliana seo i ndiaidh tinnis, cailliúint ollmhór dá theaghlach, dá chairde agus do phobal na Gaeilge i gcoitinne. D'oibrigh sé go dian ar son a phobail féin; bhí sé bainteach leis an bhfeachtas Cearta Sibhialta na Gaeltachta sna seascaidí agus le bunú Údarás na Gaeltachta agus Raidió na Gaeltachta. Bhí sé ina scríbhneoir agus aisteoir sa tsraith drámaíochta, *Baile an Droichid* a bhí ar Raidió na Gaeltachta, agus bhí aithne mhaith air óna ról mar Pheadar Ó Conghaile in *Ros na Rún*. Suaimhneas dó agus dá theaghlach, ní bheidh a leithéid ann arís.



Béaranna bána ag cuartú bia i láthair dumpála sna hoileáin Novaya Zemlya i dtuaisceart na Sibéire. Dé réir mar atá an t-oighear ag leá agus a dtimpeallacht á scriosadh ní bhíonn an darna rogha acu ach a leithéid a dhéanamh. Foilsíodh an íomha seo sa nGuardian ar dtús.





# Rithim, Rannaireacht agus Ré an Cheoil Ghaelaigh

**OISÍN MAC GIOLLA BHRÍDE**

Cloigne óga ar bogadh i dtámh faoi chamhail uiscedhíonacha, a n-éadain ildaite breac le gréasa éagsúla na péinte aghaidhe. Cannaí beoracha de chuile chineál ag luascadh anonn agus anall san aer gan stad ná staonadh. Scáthchruthanna éagsúla ag gluaiseacht leo go rithimiúil faoi sholas na gealaí. Macalla an cheoil nua-aimsire ag bualadh agus ag frithbhualadh thar cheithre airde na páirce Gaeltachta, an talamh féin ag croitheadh lena thorann réabach. Na céadta seasta os comhair na stáitse agus na scórtha eile scaipthe amach ina ngrúpaí beaga i measc farraige na bpuball agus na ndíonta sealadacha sa gcéad pháirc eile le hais na stáitse.

B'shin é an radharc a bhí os mo chomhair amach ag Féile na Gealaí na bliana seo i Ráth Chairn glas gréine na Mí. Lán-deireadh seachtaine de cheol nua-chumtha Gaeilge, de shiamsaíocht, de chraic agus spraoi i gcomhluadar craiceáilte idir óg agus aosta a bhí sa bhFéile. Is mór an éacht atá déanta ag lucht a eagraithe agus an fás réabach atá tagtha air bliain ina dhiaidh bliana, go háirithe ós rud é nárbh ann dá leithéid d'fhéile ar chor ar bith ceithre bhliain ó shin. Mar sin féin, is léiriú ar dhul chun cinn na hearnála é nárbh an fhéile sin ar an t-aon ócáid dá leithéid i mbliana.

B'amhlaidh an radharc a bhí le feiceáil sa gCollchoill agus i bPuball na Gaeilge ag an bPicnic Aibhléiseach na bliana seo. Go deimhin, is dul chun cinn ann féin go raibh dhá stáitse agus láthair campála lán-Ghaeilge ann i lár an aonaigh ag an bhféile cheoil is mó in Éirinn. Ní hamháin ag an bPicnic Aibhléiseach a bhí an Ghaeilge le cloisteáil an samhradh seo, ach ag féilte éagsúla ar fud fad na tíre, cúpla féile Ghaeltachta ina measc. Ní hiad na sean-ghrúpaí céanna a bhíonn le cloisteáil arís agus arís eile ag na féilte seo ach oiread. Go deimhin, bheadh an iomarca ceoltóirí cumasacha ar fáil faoi láthair le sá isteach i gclár ama aon-fhéile amháin, mar a léiríonn na Gradaim Ceoil Nós chuile Eanáir.

Is i gClub an tSiúcra, BÁC a bhíonn na sluaite ag bailiú le chéile le haghaidh bronnadh gradaim agus ceiliúradh lucht irise Nós ar an gceol Gaelach a bhí á chumadh agus á cheol i seánraí agus i gcruthanna éagsúla ag réimse leathan daoine thar timpeall na tíre agus níos faide i gcéin le linn na bliana roimhe agus dáiríre píre, ní bhíonn easpa ilíochta ar bith ann. Fiú i mo rogha sheanrá féin, an Hip Hap agus Rap-cheol, tá éagsúlacht maith stíleanna ag fás agus ag forbairt i gcónaí, ó mo chuid geabaireachta meadaracha féin, go greann dátheangach Kneecap, ó curfánna ceolmhara auto-tuneáilte UshMush thar bhuilí leictreonacha Reagaton, go rannaireacht réidh MC Muipéid thar thionlacan uirlisí IMLÉ. I gcásanna áirithe, tá an ceol agus fiú an seanrá de cheol á sheachadadh ó ghlúin go glúin, cuirim i gcás, pop-cheol Pádraig Jack ó na hOileáin Árainn, nó Ska agus Reggae réchúiseach Abhainn Bhearra ó Bhéal Feirste.



Tá ag éirí go maith le roinnt grúpaí post lán-aimsire a dhéanamh dá gcuid ceoil agus slí beatha a bhaint amach, le leithéidí Kíla, Kneecap agus Seo Linn ag dul ar chamchuairteanna náisiúnta agus idirnáisiúnta agus ag díol amach ceolchoirmeacha chuile áit a stopann siad. Sin ráite, bíonn sé fós sáchdeacair ar chuid mhaith ceoltóirí cumasacha mórán brabúis ná airgead fiúntach a shaothrú óna gcuid ceoil ar bhonn leanúnach. Ar ndóigh ní ar mhaithe le saibhreas saolta atá a bhformhór dá dhéanamh sa gcéad dhul síos, ach dá ainneoin sin is uile, i ndeireadh na ndála, ciallaíonn easpa acmhainní tuilleadh teorann ar a gcuid cruthaitheachta agus ar a gcumas ealaín Ghaelach a sholáthar.

Ní hamháin in earnáil an cheoil Ghaelaigh a bhíonn an fhadhb sin ann i sochaí an lae inniu, áfach. Is amhlaidh an scéal le ceoltóirí na hÉireann i gcoitinne, agus go deimhin, ceoltóirí i ngach cearn den domhan. Is tábhachtach an rud é an ealaín dhúchasach go ginearálta, ach tá sí níos tábhachtaí fós do mhionlach beag imeallach dár leithéid. Déanann sí ár gcultúr agus ár dteanga a fhorbairt i gcomhthéacs reatha an tsaoil sa 21ú aois, misneach a spreagadh i ndaoine óga, daoine a mhealladh i dtreo na teanga, an saibhreas ceoil agus filíochta a seachadadh ó ghlúin go glúin a choinneáil beo, agus siamsaíocht a chur ar fáil dúinn uilig.

Mar sin, tacaímis leis na ceoltóirí ar mhodh ar bith a d'fhéadfaimis, bíodh sé trí dhlúthdhiosca nó t-léine a cheannach, bheith ag freastail ar cheolchoirmeacha, suíomhanna ar nós Patreon, leithéidí Spotify, nó fiú trí amhrán a roinnt ar na meáin shóisialta. Agus thar rud ar bith eile, éistimis leis an gceol. Mar a dúirt an té a dúirt, éist le fuaim na habhann agus gheobhair breac!

Is rapaire, ceoltóir hip hap agus file é Oisín a bhíonn ag cumadh i nGaeilge. Tá ainmniú faighte aige as a chuid saothair dhá bhliain as a chéile ag Gradaim Ceoil Nós.

# Seas ina choinne!

**BEE NÍ CHOITIR**







Caithfidh mé a rá nach raibh mé iomlán sásta leis na torthaí ag an toghchán áitiúil deireanach i mo chontae dúchais féin, ná torthaí na tíre uilig. Ach deirtear liom "ní bhaineann sé leat, níl cónaí ort anseo a thuilleadh. Thréig tú muid in Éirinn." Is léir do dhaoine áirithe nach bhfuil sé tuillte agam filleadh ar ais sa todhchaí. Agus mar a léirigh na torthaí; níl daoine ag iarraidh athrú ollmhór, níl siad ag iarraidh aon rud réabhlóideach sa tír...go fóill. Cónaím agus oibrím sa Fhrainc. Ach níl an ceart agam vóta a chaitheamh anseo. Táim i bpurgadóir daonlathach. Mar sin bím ag faire agus ag éisteacht. Ag déanamh machnamh ar m'fhéiniúlacht. Nuair a chuireann mo dhaltaí an cheist orm "conas atá cúrsaí in Éirinn anois?" mothaím nach féidir liom an cheist a fhreagairt.

An t-aon suaimhneas croí a mhothaigh mé ón dtoghchán ná nár toghadh ionadaí a léiríonn Faisisteachas. Mar atá feicthe ar fud na cruinne, tá fás tagtha ar an gcoimeádachas in Éirinn freisin. Tá misneach faighte ag daoine ó leithéidí an Trumpadóir agus Katie Hopkins os rud é nach bhfuil siad mórán pionóis á ghearradh orthu i dtaobh na rudaí bréagacha a deir siad. Sin an fáth go bhfuil téarmaí cosúil le fíricí malartacha againn. Is deas an smaoineamh é nach mbeadh éifeacht ag na rudaí seo ar ár n-oileán beag bídeach, go mbeadh ciall ag muintir na hÉireann, nach mbacfadh daoine leis an raiméis sin. Ach is soineanta an smaoineamh é sin.


Dar le hAirteagal 19 de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine na Náisiún Aontaithe "Tá ag gach uile dhuine an ceart ar saoirse tuairime agus nochtadh ." agus is fíor sin, ach ag an am céanna deir Airteagal 30 "Ní ceadmhach aon ní sa Dearbhú seo a fhorléiriú mar ní a bheir do Stát, do ghrúpa nó do dhuine ar bith ceart ar bith páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht ar bith ná gníomh ar bith a dhéanamh atá dírithe ar son cheann de na chearta nó de saoirsí dá luaitear anseo a dhíothiú ." Sin le rá nach féidir dul i gcoinne chearta an duine dídean a iarraidh in Éirinn, ceart an duine post a fháil in Éirinn agus saol sábháilte a bheith acu ann. Sin an difríocht. Deirimid le páistí nár chóir rudaí a rá a ghortaíonn daoine. Ach ligimid do dhaoine fásta rudaí ciníocha a rá i gcoinne mionghrúpaí atá ag lorg saol sábháilte in Éirinn.


Tá an t-ádh linn nár éirigh go rómhaith le cuid mhaith de na hionadaithe a labhair i gcoinne teifigh atá ag lorg sábháilteachta, na daoine is leochailí inár sochaí. Is beag taithí ata ag muintir na hÉireann ar an inimirce. Is cuimhin le m'athair go bhfaca sé duine gorm den chéad uair nuair a bhí sé fiche-haon. Is deacair domsa é sin a chreidiúint. Ag an am céanna ba chóir go mbeadh tuiscint ag na hÉireannaigh faoi na deacrachtaí atá i gceist le himirce. Ceann de na rudaí is deacra a rinne mé i mo shaol ná bogadh go tír eile. Leis sin níl mo chultúr, mo theanga, mo shaol iomlán difriúil leis na tíortha ar bhog mé chucu. Tá aithne ar fháiltiú na hÉireann ar fud na cruinne ach ansin is léir nach féidir linn an spás a roinnt le daoine atá éagsúil linn? Cuireann daoine an milleán ar teigigh faoi neart rudaí nach bhfuil baint ar bith acu leo. Cén fáth? Mar go bhfuil sé níos éasca ná an milleán a chur ar an rialtas.

Tá neart airgid in Éirinn nuair a bhíonn sé ag teastáil do rudaí seafóideacha; cuairt an Phápa agus anois ionad raftaithe bhánuisce. Níl an milleán ar na teifigh. Níl siadsan ag déanamh neamhaird ar an ngéarchéim tithíochta ar fud na hÉireann! Níl siad ag ligint do chorparáidí ollmhóra maireachtáil agus gnó a dhéanamh in Éirinn agus gan a gcuid féin a íoc i dtreo na sochaí. Íocaimid cáin chun aire a thabhairt dá chéile; seirbhisí sóisialta, seirbhisí taistil, ospidéil, an post, scoileanna. Muna bhfuil na corparáidí sásta cáin a íoc ciallaíonn sé sin go bhfuil ar mhuintir na hÉireann níos mó a íoc do rudaí a n-úsáideann na corparáidí seo freisin.

Tá an iomarca fuinnimh tugtha do chorparáidí de bharr 'cruthú postanna' nuair atá aithne againn uilig ar dhuine féinfhostaithe, gnó beag nó gnó meánmhéide atá ag streachailt. Tuigimid freisin go gcuireann na daoine seo an t-airgead ar ais sa tsochaí, ní i mbanc i bPanama. Tá orainn a bheith níos gníomhaí. Ba chóir go mbeadh muid, an pobal, ag tabhairt ár n-airgid do dhaoine inar dteannta seachas mór-lipéidí ar cuma leo fúinn agus faoin bpláinéad. Ba chóir go mbeadh daoine níos cróga agus muiníneach ag cur i gcoinne gnáthdhaoine nó ionadaithe a chuireann an milleán ar ghrúpaí leochail-eacha inár measc. Is deacair an rud é ar na meáin shóisialta ach caithfear an obair a dhéanamh chun athrú a chur ar an status quo. Abair le Twitter, Instagram agus Facebook nár chóir go mbeadh rudaí áirithe iomlán faoi chosc ar na suíomhanna sin. Tá orainn uilig tuilleadh a dhéanamh i gcoinne an fhuatha. Iarracht a dhéanamh eolas a fhíorú sula roinntear é. Tá sochaí níos grámhara uainn ar fud na cruinne. Tá spás ann do chuile dhuine. Tá orainn bheith níos tuisciní. Úsáid na focail atá ráite againn le páistí; ná habair aon rud a ghortóidh daoine eile.

Is as Éirinn de Bee ach cónaíonn sí sa Fhrainc agus oibríonn sí mar mhúinteoir.





# Téacs riachtanach: An Modh Conghaileach

**Léirmheas le Kerron Ó Luain ar *An Modh Conghaileach: Cuid Sóisialachais Shéamais Uí Chonghaile* le hAindrias Ó Cathasaigh** (Coiscéim: Baile Átha Cliath, 1996).

Scríobhadh an leabhar seo leis an gCathasach, *An Modh Conghaileach: Cuid Sóisialachas Shéamais Uí Chonghaile*, níos mó ná fiche bliain ó shin. Mar sin féin, is téacs riachtanach é go fóill do Ghaeil ar bith ar mhaith leo fios a ngnó a bheith acu maidir le saol an Chonghaileach agus forbairt an tsóisialachais in Éirinn san fhichiú haois luaith.

Is beag staraí a fhoilsíonn ábhar sa Ghaeilge agus tá luach ann féin ag saothar den sórt seo ó thaobh corpas na teanga a láidriú. Tá luach ar leith ann chomh maith do na Gaeil a bheith ag plé, ag díospóireacht agus ag smaointeoireacht ar chúrsaí staire is polaitiúla trí Ghaeilge. Conas gur féidir linn an "athghabháil" ar Éirinn a mhol Máirtín Ó Cadhain a chur i gcrích mura bhfuil muid cleachtaí ar gach gné den saol a phlé trí mheán na teanga?

Tarraingíonn an leabhar ar scríbhinní Uí Chonghaile i nuachtáin amhail *The Worker's Republic*, *Irish Worker*, *Harp*, *Forward* agus


Aindrias Ó Cathasaigh

neart foinsí eile lena chois sin. Tá an leabhar roinnte ina dhá chuid. Pléann cuid a haon, "ceird na réabhlóide", smaointeoireacht an Chonghaileach ar réimse leathan ábhar ó thús an fhichiú haois go briseadh amach an Chéad Chogadh Domhanda. Léirítear sa tarna cuid gur tháinig athrú suntasach ar a chuid smaointeoireacht agus stráitéis de bharr an chogaidh — gur "aimsir faoi leith" a bhí ann. Tá's againn, dar ndóigh, gur ghlac sé páirt in Éirí Amach 1916 le dream nach raibh sé ag teacht leo go hiomlán ó thaobh na hidé-eolaíochta de; an IRB.

Ní aon laochadhradh atá sa leabhar seo. Déanann an Chathasach anailís ghéar ar chur chuige agus polasaithe Ó Conghaile. Sa gcéad caibidil insítear dúinn go raibh i bhfad an iomarca dúil ag an gConghaileach sa bpróiseas toghchánaíochta agus é ag scríobh sa *Worker's Republic* sa mbliain 1899. Deir Ó Cathasaigh gur fearr i bhfad brath ar mhodhanna ar nós stailceanna agus ollchruinnithe a chruinníonn ár neart, óir "scaipeann an vótáil muid … laghdaíonn sé cumas na haicme oibre … go mbíonn muid inár n-aonar ann, inár neacha ar leith os comhair cumhacht ábhalmhór na gcúrsaí mar atá".

Níos faide anonn léirítear an tábhacht atá leis an stair agus tuiscint a bheith againn air. Dealraítear go raibh Ó Conghaile "ag aithris troideanna an lucht oibre le go spreagfaí chun ceannairce san am i láthair muid". É sin ráite, bhí cuid den chinnteachas eacnamaíochta ag baint le tuiscint Uí Chonghaile ar ghnéithe den stair. Ach, má bhí, ba léir in amannaí eile gur thuig sé "an gá le ceannas polaitiúil is intleachtúil" dá dteastódh uainn fíor-athrú a chur ar bun.

Cén cruth a bheadh ar an athrú seo? Is é sin a chíortar i gcaibidil 9, "Aisling an tsaoil shóisialaigh". An fhís a bhí ag an gConghaileach, agus lena dtacaíonn an Cathasach is cosúil, ná go mbeadh saol ann "atá bunaithe ar chomhar daonlathach na n-oibrithe: sin í slat tomhais an tsóisialachais". Thuig an Conghaileach, áfach, go mbeadh dua i gceist leis an gcineál obair seo agus leis an sóisialachas — "socialism will not make us angels upon earth", a dúirt sé. Mar sin féin, thuig sé an géarghá a bhí (agus atá) tabhairt faoi.

Maidir le ceist na mban, deir an Cathasach go raibh Ó Conghaile "sách coimeádach … ó thaobh cúrsaí collaíochta de". Ní aon ionadh; cé go raibh sé ar cheann de na daoine is radacaí in Éirinn a linne, ba thír fhíor choimeádach í an tráth sin agus lámh ag cumhacht an Eaglais Chaitlicigh i ngach ceist "morálta" nach mór. An bhuntuiscint a bhí ag an gConghaileach ná gurb é an sóisialachas an leigheas ar an drochstaid a bhí á fulaingt ag mná. Tugann Ó Cathasaigh foláireamh ar an mbonn gur chóir "don aicme oibre dul i gceannas an chatha in aghaidh daoirse na mban, ár gcath féin a dhéanamh de — seachas gáir mholta a ligean leis na feiminithe meánaicmeacha".

Pléann an Cathasach tionchar na n-eaglaiseach céanna ar fhás agus forbairt an eite chlé in Éirinn, conas mar a shamhlaigh an Conghaileach an tuath sa streachailt chéanna, ceist na teanga, an cheist náisiúnta agus cén caoi dul i ngleic leis an deighilt sheicteach idir oibrithe i gCúige Uladh. Tá neart le foghlaim go fóill ón gConghaileach agus ón gCathasach araon sa leabhar seo — neart atá tráthúil agus a chuirfidh ag machnamh léitheoir maidir leis an stráitéis is fearr lenár gcuid spriocannaí a chur i gcríoch.

Is staraí, gníomhaí teanga agus sóisialach é Kerron as Ráth Cúil ar imeall chathair Bhaile Átha Cliath. Tá roinnt ábhar foilsithe aige ar théama an ghnímh chomhchoitinn. Bíonn sé ag spalpadh raiméise uaidh ar Twitter @DublinHistorian scaití.







## Sonraí Teagmhála MISNEACH:

**Náisiúnta:**
Facebook;
eolas@misneachabu.ie;
www.misneachabu.ie

**Gaillimh:**
facebook

**Béal Feirste:**
facebook

**Baile Átha Cliath:**
misneachbac@gmail.com

**Misneach Dhoire, Chorcaí, Luimní, Nua-Eabhrac** agus **Misneachd na hAlban** le fáil ar facebook

## Glac ballraíocht bhliantúil linn inniu!

Ainm: ............................................................

Seoladh: ............................................................

............................................................

Fón: .............................. Ríomhphost: ..............................

€5 gan phá/€10 ar phá

Seol airgead tirim nó seic, mar aon leis an bhfoirm seo, chuig
33 Céide na Grianóige, BÁC 24, Éire,

nó déan lóisteáil chuig:
Ainm an chuntais: MISNEACH
Cód sórtála: 90-14-90
Uimhir an chuntais: 48095491